BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Seachtú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas tionsclaíoch – Nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise – Treoir (AE) 2015/1535 – An coincheap 'rialachán teicniúil' – Reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear cód foinseach na mbogearraí atá cláraithe sa bhunachar sonraí údaráis cánach a sholáthar do chomhlacht atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na gceanglas teicniúil cánach – Airteagal 34 CFAE – Beart éifeachta atá coibhéiseach le srian cainníochtúil ar allmhairiú – Prionsabal na comhréireachta)

I gCás C-353/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón administratīvā rajona tiesa, Rīgas tiesu nams (an Chúirt Riaracháin Dúiche, Ríge, an Laitvia), trí bhreith an 13 Bealtaine 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 15 Bealtaine 2024, sna himeachtaí

SIA „EUROPARK LATVIA",

SKIDATA GmbH

v

Valsts ieņēmumu dienests

idiragraithe:

SIA „19 points",

SIA „Ernst & Young Baltic",

tugann AN CHÚIRT (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Schalin, Uachtarán Dlísheomra, M. Gavalec (Rapóirtéir) agus Z. Csehi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Laitvis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– SIA „EUROPARK LATVIA”, ag S. Petrovičs, advokāts,

– SKIDATA GmbH, ag R. Gasūns, Dlíodóir,

– Rialtas na Laitvia, ag J. Davidoviča agus K. Pommere, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Seice, ag A. Edelmannová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Escobar Gomez, L. Malferrari agus I. Naglis, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú ar Airteagal 1(11) agus Airteagal 8(1) de Threoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 1998 L 204, lch. 37), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 (IO 2012 L 316, lch. 12) (‘Treoir 98/34’), agus Airteagal 34 CFAE.

2 Rinneadh an t-iarratas seo in imeachtaí idir SIA EUROPARK LATVIA (‘Europark’) agus SKIDATA GmbH (‘Skidata’) agus Valsts ieņēmumu dienests (an tÚdarás Náisiúnta Cánach, an Laitvia), a bhaineann le cinneadh an údáráis sin lenar n-eisiatar gléasanna íocaíochta uathoibríocha arna monarú ag Skidata óna bhunachar sonraí.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 98/34

3 Foráladh le hAirteagal 1 de Threoir 98/34:

‘Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “táirge” aon táirge arna mhonarú go tionsclaíoch agus aon táirge talmhaíochta, lena n-áirítear táirgí éisc;

[...]

(3) ciallaíonn “sonraíocht theicniúil” sonraíocht atá i ndoiciméad ina leagtar síos na saintréithe riachtanacha nach mór a bheith ag táirge, amhail leibhéil cháilíochta, feidhmíocht, sábháilteacht nó toisí, lena n-airítear na ceanglais is infheidhme maidir leis an ainm faoina ndíoltar an táirge, an téarmaíocht, siombailí, tástáil agus modhanna tástála, pacáistiú, marcáil nó lipéadú agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

[...]

(4) ciallaíonn “ceanglais eile” ceanglas, seachas sonraíocht theicniúil, a fhorchuirtear maidir le táirge ar chúiseanna maidir, *inter alia*, le tomhaltóirí agus an comhshaol a chosaint agus a bhaineann lena shaolré i ndiaidh a churtha ar an margadh, ar nós a coinníollacha úsáide, athchúrsála, athúsáide nó diúscartha i gcás inar féidir tionchar mór a imirt trí na dálaí sin ar chomhdhéanamh nó cineál táirge nó ar a mhargú;

(5) ciallaíonn “riail maidir le seirbhísí” ceanglas de chineál ginearálta a bhaineann le gabháil le gníomhaíochtaí seirbhíse dá bhforáiltear le pointe 2 agus iad a shaothrú, lena n-áirítear forálacha a bhaineann leis an soláthraí seirbhíse, leis na seirbhísí agus leis an bhfaighteoir seirbhísí, cé is moite de rialacha nach bhfuil dírithe go sonrach ar na seirbhísí a shainmhínítear sa phointe sin.

[...]

(11) ciallaíonn “rialachán teicniúil” sonraíocht theicniúil nó ceanglas nó riail eile maidir le seirbhísí, lena n-áirítear na forálacha riaracháin ábhartha, a bhfuil a gcomhlíonadh éigeantach, *de jure* nó *de facto*, i gcás margaíocht, soláthar seirbhísí, bunú oibreora seirbhíse nó úsáid i mBallstát nó i gcuid shubstaintiúil de, agus, faoi réir na bhforálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 10, dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát lena dtoirmisctear monarú, allmhairiú, margú nó úsáid táirge nó lena dtoirmisctear soláthar nó úsáid seirbhíse nó bunaíochta mar sholáthraí seirbhíse.

Áireofar le rialacháin theicniúla *de facto*:

– dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin de chuid Ballstáit a thagraíonn do shonraíochtaí teicniúla nó do cheanglais eile nó do rialacha maidir le seirbhísí nó do chóid ghairmiúla nó do chóid dea-chleachtais a thagraíonn iad féin do shonraíochtaí teicniúla nó do cheanglais eile nó do rialacha maidir le seirbhísí, ar forálacha iad a bhfágann a gcomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais a leagtar síos leis na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin sin,

– comhaontuithe deonacha ar páirtí conarthach iontu an t-údarás poiblí agus arb é is aidhm dóibh, ar mhaithe leis an leas ginearálta, sonraíochtaí teicniúla nó ceanglais eile, nó rialacha maidir le seirbhísí, seachas sonraíochtaí soláthair phoiblí, a chomhlíonadh,

– sonraíochtaí teicniúla nó ceanglais eile nó rialacha maidir le seirbhísí atá nasctha le bearta fioscacha nó bearta airgeadais a dhéanann difear do thomhaltas táirgí nó seirbhísí trína spreagadh go gcomhlíonfar na sonraíochtaí teicniúla sin nó na ceanglais eile sin nó na rialacha sin maidir le seirbhísí; ní áirítear leis sin sonraíochtaí teicniúla ná ceanglais eile ná rialacha maidir le seirbhísí atá nasctha le scéimeanna náisiúnta slándála sóisialta.

Baineann sé sin leis na rialacha teicniúla arna bhforchur ag na húdaráis arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus atá ar liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún [Eorpach] roimh an 5 Lúnasa 1999 i gcomhthéacs an choiste dá dtagraítear in Airteagal 5.

Déanfar an liosta a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta céanna.

(12) ciallaíonn "dréachtrialachán teicniúil" téacs sonraíochta teicniúla, nó téacs ceanglais nó rialach eile maidir le seirbhísí, lena n-áirítear forálacha riaracháin, a tharraingítear suas d'fhonn é a leagan síos nó ar deireadh d'fhonn é a tharraingt suas mar rialachán teicniúil agus atá ag céim ullmhúcháin i gcás inar féidir fós leasuithe substaintiúla a dhéanamh air.'

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráladh leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 8(1) den Treoir sin:

'Faoi réir Airteagal 7, cuirfidh na Ballstáit aon dréachtrialachán teicniúil in iúl don Choimisiún [Eorpach] láithreach, ach amháin i gcás trasuímh iomlán ar dhlí idirnáisiúnta nó Eorpach, agus sa chás sin is leor faisnéis shimplí maidir leis an dlí ábhartha. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún freisin faoi na cúiseanna ar gá rialachán teicniúil den sórt sin a bhunú, ach amháin má tá na cúiseanna sin soiléir cheana féin ón dréacht.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir (AE) 2015/1535

5 Le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 2015 L 241, lch. 1), rinneadh Treoir 98/34 a aisghairm agus a ionadú ó 7 Deireadh Fómhair 2015.

6 Foráiltear le hAirteagal 1(1) de Threoir 2015/1535:

'Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "táirge" aon táirge arna mhonarú go tionsclaíoch agus aon táirge talmhaíochta, lena n-áirítear táirgí éisc;

[...]

(c) ciallaíonn "sonraíocht theicniúil" sonraíocht atá i ndoiciméad ina leagtar síos na saintréithe riachtanacha nach mór a bheith ag táirge, amhail leibhéil cháilíochta, feidhmíocht, sábháilteacht nó toisí, lena n-airítear na ceanglais is infheidhme maidir leis an ainm faoina ndíoltar an táirge, an téarmaíocht, siombailí, tástáil agus modhanna tástála, pacáistiú, marcáil nó lipéadú agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

[...]

(d) ciallaíonn “ceanglais eile” ceanglas, seachas sonraíocht theicniúil, a fhorchuirtear maidir le táirge ar chúiseanna maidir, *inter alia*, le tomhaltóirí agus an comhshaol a chosaint agus a bhaineann lena shaolré i ndiaidh a churtha ar an margadh, ar nós a coinníollacha úsáide, athchúrsála, athúsáide nó diúscartha i gcás inar féidir tionchar mór a imirt trí na dálaí sin ar chomhdhéanamh nó cineál táirge nó ar a mhargú;

(e) ciallaíonn “riail maidir le seirbhísí” ceanglas de chineál ginearálta a bhaineann le gabháil le gníomhaíochtaí seirbhíse agus iad a shaothrú de réir bhrí phointe (b), lena n-áirítear forálacha a bhaineann leis an soláthraí seirbhíse, leis na seirbhísí agus leis an bhfaighteoir seirbhísí, cé is moite de rialacha nach bhfuil dírithe go sonrach ar na seirbhísí a shainmhínítear sa phointe sin.

[…]

(f) ciallaíonn “rialachán teicniúil” sonraíocht theicniúil nó ceanglas nó riail eile maidir le seirbhísí, lena n-áirítear na forálacha riaracháin ábhartha, a bhfuil a gcomhlíonadh éigeantach, de jure nó de facto, i gcás margaíocht, soláthar seirbhísí, bunú oibreora seirbhíse nó úsáid i mBallstát nó i gcuid shubstaintiúil de, agus, faoi réir na bhforálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 7, dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát lena dtoirmisctear monarú, allmhairiú, margú nó úsáid táirge nó lena dtoirmisctear soláthar nó úsáid seirbhíse nó bunaíochta mar sholáthraí seirbhíse.

Áireofar le rialacháin theicniúla *de facto*:
(i) dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin de chuid Ballstáit a thagraíonn do shonraíochtaí teicniúla nó do cheanglais eile nó do rialacha maidir le seirbhísí nó do chóid ghairmiúla nó do chóid dea-chleachtais a thagraíonn iad féin do shonraíochtaí teicniúla nó do cheanglais eile nó do rialacha maidir le seirbhísí, ar forálacha iad a bhfágann a gcomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais a leagtar síos leis na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin sin;
(ii) comhaontuithe deonacha ar páirtí conarthach iontu an t-údarás poiblí agus arb é is aidhm dóibh, ar mhaithe leis an leas ginearálta, sonraíochtaí teicniúla nó ceanglais eile, nó rialacha maidir le seirbhísí, seachas sonraíochtaí soláthair phoiblí, a chomhlíonadh;
(iii) sonraíochtaí teicniúla nó ceanglais eile nó rialacha maidir le seirbhísí atá nasctha le bearta fioscacha nó bearta airgeadais a dhéanann difear do thomhaltas táirgí nó seirbhísí trína spreagadh go gcomhlíonfar na sonraíochtaí teicniúla sin nó na ceanglais eile sin nó na rialacha sin maidir le seirbhísí; ní áirítear leis sin sonraíochtaí teicniúla ná ceanglais eile ná rialacha maidir le seirbhísí atá nasctha le scéimeanna náisiúnta slándála sóisialta.

Baineann sé sin leis na rialacha teicniúla arna bhforchur ag na húdaráis arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus atá ar liosta arna tharraingt suas agus arna thabhairt cothrom le dáta, más iomchuí, ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an choiste dá dtagraítear in Airteagal 2.

Déanfar an liosta a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta céanna;

(g) ciallaíonn “dréachtrialachán teicniúil” téacs sonraíochta teicniúla, nó téacs ceanglais nó rialach eile maidir le seirbhísí, lena n-áirítear forálacha riaracháin, a tharraingítear suas d’fhonn é a leagan síos nó ar deireadh d’fhonn é a tharraingt suas mar rialachán teicniúil agus atá ag céim ullmhúcháin i gcás inar féidir fós leasuithe substaintiúla a dhéanamh air.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(1) den Treoir sin:

'Faoi réir Airteagal 7, cuirfidh na Ballstáit aon dréachtrialachán teicniúil in iúl don Choimisiún láithreach, ach amháin i gcás trasuímh iomlán simplí ar dhlí idirnáisiúnta nó Eorpach, agus sa chás sin is leor faisnéis shimplí maidir leis an dlí ábhartha; tabharfaidh siad fógra don Choimisiún freisin faoi na cúiseanna ar gá rialachán teicniúil den sórt sin a bhunú, ach amháin má tá na cúiseanna sin soiléir cheana féin ón dréacht.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Laitvia

An Dlí maidir le cánacha agus táillí

8 Foráiltear le hAirteagal $28^{1}(4)^{1}$ den Likums Par nodokļiem un nodevām (an Dlí maidir le cánacha agus táillí):

'Féadfaidh cáiníocóirí úsáid a bhaint as gléasanna leictreonacha agus trealamh leictreonach a chomhlíonann na ceanglais theicniúla maidir le gléasanna leictreonacha agus trealamh leictreonach chun cánacha agus íocaíochtaí eile a bhí faoi réir measúnú comhréireachta a thaifeadadh. Féadfaidh soláthraí seirbhíse cothabhála cothabháil a dhéanamh ar ghléasanna leictreonacha agus ar threalamh leictreonach tar éis dó measúnú comhréireachta a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha ábhartha.'

Rialacha maidir le húsáid

9 Foráiltear le hAirteagal $121^{4}(4)$ den Ministru kabineta noteikumi Nr.o 96 'Nodokļu un citu maksājumureģistrēšanas elektronisko ierīču un iekārtu lietošanas kārtība' (Foraithne Uimh. 96 ó Chomhairle na nAirí maidir leis na rialacha mionsonraithe maidir le húsáid gléasanna leictreonacha agus trealaimh leictreonaigh chun cánacha agus íocaíochtaí eile a thaifeadadh) an 11 Feabhra 2014 ('na rialacha maidir le húsáid'):

'Chun comhréireacht na samhlacha, na gcineálacha agus na leaganacha maidir le scipéid airgid, scipéid airgid hibrideacha, córais scipéad airgid agus gléasanna agus trealaimh speisialaithe a fhíorú, soláthróidh an soláthraí seirbhíse cothabhála an doiciméadacht theicniúil don eagraíocht i dteanga náisiúnta an mhonaróra, mar aon le haistriúchán fíordheimhnithe sa teanga náisiúnta. Beidh an méid seo a leanas sa doiciméadacht theicniúil: an cód foinseach (treoracha ríomhaireachta atá inléite ag an duine, arna scríobh ag ríomhchláraitheoir) agus an cód aidhme (sraith siombailí atá intuigthe ag ríomhaire chun clár arna scríobh ag ríomhchláraitheoir a dhéanamh) a bhaineann leis na bogearraí chomh maith leis an modúl cuimhne cánach.'

10 Foráiltear le hAirteagal 121^{5} de na rialacha maidir le húsáid sin:

'Laistigh de 6 mhí ó na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 121^{4} den fhoraithne seo a fháil, déanfaidh an chomhlacht rialaithe comhréireachta dearbhú a eisiúint agus a tharchur chuig an soláthraí seirbhíse cothabhála maidir le comhréireacht na samhla, an chineáil nó an leagain den scipéad airgid, den scipéad airgid hibrideach, den chóras nó den ghléas agus de threalamh speisialaithe leis na ceanglais

theicniúla is infheidhme maidir le gléasanna leictreonacha agus trealamh leictreonach chun cánacha agus íocaíochtaí eile a thaifeadadh [...] nó maidir le diúltú an dearbhú comhréireachta a eisiúint.'

11 Faoi Airteagal 129[4](6) de na rialacha maidir le húsáid sin:

'Tráth a chlárófar i mbunachar sonraí aonair (clár) an údaráis cánach náisiúnta samhail nó cineál scipéid airgid, scipéid airgid hibridigh, córais scipéid airgid, nó gléas agus trealamh speisialaithe atá le cothabháil ag soláthraí seirbhísí cothabhála, déanfaidh an soláthraí sin, arb é monaróir an trealaimh nó an ghléis é nó a ionadaí údaraithe, cód foinseach na mbogearraí cláraithe a sholáthar don údarás cánach náisiúnta laistigh de 24 uair an chloig tar éis iarraidh a fháil ón údarás sin.'

12 Foráiltear le pointe 1.2.2 d'Airteagal 129[17](1) de na rialacha maidir le húsáid:

'Déanfaidh an t-údarás cánach an méid seo a leanas a eisiamh óna bhunachar sonraí aonair (clár): scipéid airgid, scipéid airgid hibrideacha, córais scipéad airgid, gléasanna agus trealamh speisialaithe atá cláraithe thar ceann an úsáideora [más rud é] nár comhlíonadh ceanglais na rialachán maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh gléasanna leictreonacha agus trealamh leictreonach chun cánacha agus íocaíochtaí eile a thaifeadadh. Cuirfidh na húdaráis an t-úsáideoir ar an eolas faoin mbaint den bhunachar sonraí aontaithe (clár) sin laistigh de 15 lá oibre.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

13 Is cuideachta tráchtála Laitviach é Europark a sholáthraíonn seirbhísí páirceála san earnáil iompair. Is cuideachta tráchtála Ostarach é Skidata, a mhonaraíonn gléasanna íocaíochta uathoibríocha san Ostair agus a onnmhairíonn iad chuig 25 Bhallstát, lena n-áirítear an Laitvia.

14 An 30 Meitheamh agus an 27 Samhain 2015, fuair Europark ocht ngléas íocaíochta uathoibríocha ó Skidata, a cláraíodh amhlaidh ag na húdaráis chánach náisiúnta ina bhunachar sonraí idir an 8 Deireadh Fómhair agus an 30 Nollaig 2015.

15 I litir dar dáta an 16 Bealtaine 2022, chuir SIA„Ernst & Young Baltic", an comhlacht atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais chánach theicniúla na scipéad airgid agus na ngléasanna uathoibríocha, na húdaráis chánach náisiúnta ar an eolas gur dhiúltaigh sé dearbhú comhréireachta a eisiúint do na hocht ngléas sin, ar an bhforas nár chuir SIA„19 points", an soláthraí seirbhíse cothabhála, na sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 121[4](4) de na rialacha maidir le húsáid in iúl dó, eadhon cód foinseach agus cód aidhme na mbogearraí atá cláraithe do na gléasanna sin.

16 Dá bhrí sin, le cinneadh an 2 Meán Fómhair 2022, rinne na húdaráis sin iad a eisiamh óna bhunachar sonraí.

17 Thug Europark agus Skidata caingean ansin os comhair an Administratīvā rajona tiesa, Rīgas tiesu nams (an Chúirt Riaracháin Dúiche, Ríge, an Laitvia), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, chun an cinneadh sin a chur ar neamhní. Maíonn siad go gceanglaítear leis na rialacha maidir le húsáid cód foinseach agus cód aidhme na mbogearraí atá cláraithe a chur in iúl agus gur ceanglas teicniúil iad ar cheart fógra a bheith tugtha don Choimisiún ina leith, i gcomhréir le ceanglais Threoir 2015/1535.

18 Thairis sin, cuireann siad in iúl nach féidir le Europark, mar cheannaitheoir cirt chun bogearraí a úsáid, cód foinseach na mbogearraí a fháil agus a nochtadh go dleathach ar a thionscnamh féin gan toiliú a mhonaróra Skidata, ós rud é gur leis an monaróir sin an cód sin agus go gcumhdaítear é leis an rún ceirde. Dá bhrí sin, bheadh an oibleagáid an cód foinseach a sholáthar ina sárú díréireach ar cheart maoine intleachtúla an mhonaróra.

19 Sa chomhthéacs sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur 'táirgí' iad na gléasanna íocaíochta uathoibríocha atá i gceist sna príomhimeachtaí de réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 98/34. Dá bhrí sin, fiafraíonn sí an dtagann an oibleagáid cód foinseach bhogearraí taifeadta na ngléasanna sin a sholáthar faoin gcoincheap 'rialachán teicniúil' de réir bhrí Airteagal 1(11) den Treoir sin, lena ndéantar idirdhealú idir ceithre chatagóir beart. Más amhlaidh atá, tá amhras uirthi faoin gcatagóir ar cheart oibleagáid den sórt sin a chur inti.

20 De réir na cúirte a rinne an tarchur, d'fhéadfadh an oibleagáid sin teacht faoi thrí cinn de na catagóirí sin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí í a aicmiú mar 'shonraíocht theicniúil', de réir bhrí Airteagal 1(3) de Threoir 98/34, nó mar 'cheanglas eile', de réir bhrí Airteagal 1(4) den Treoir sin, nó mar rialacha 'lena dtoirmisctear táirge a mhonarú, a allmhairiú, a mhargú nó a úsáid', dá dtagraítear in Airteagal 1(11) den Treoir sin.

21 Ar an dara dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an féidir an oibleagáid cód foinseach na mbogearraí cláraithe a sholáthar do chomhlacht rialaithe comhréireachta a mheas mar bheart a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige le srian cainníochtúil ar allmhairí, de réir bhrí Airteagal 34 CFAE.

22 Measann sí go saothraíonn an oibleagáid sin cuspóir dlisteanach sa mhéid is go gcuireann sí ar chumas na n-údarás cánach a dheimhniú dóibh féin go bhfuil na taifid ceart agus aon mhainneachtain cánacha a chlárú nó a íoc a sheachaint. Mar sin féin, fiafraíonn sí an bhfuil gá le hoibleagáid den sórt sin chun an cuspóir sin a bhaint amach. Cuireann sí in iúl go gcuireann Skidata comhéadan feidhmchláir ar fáil i mBallstáit eile, chun críocha na seiceálacha atá i gceist a dhéanamh, le haghaidh gléasanna uathoibríocha, amhail na gléasanna atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena gcuirtear ar chumas an chomhlachta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas cánach an fhaisnéis go léir is gá maidir le híocaíochtaí a fháil. Ina theannta sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara gur chomhaontaigh Skidata freisin an chuid den chód foinseach a bhaineann le híocaíochtaí agus cánacha a thaifeadadh a sholáthar chun críoch seiceálacha ar chomhlíonadh. Níor fhormheas an comhlacht rialála atá i gceist sna príomhimeachtaí an togra sin agus leanann sé de bheith ag éileamh go nochtfaí an cód foinseach iomlán.

23 I ndáil leis sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, cé nach gcuireann an oibleagáid a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí cosc ar ghléasanna íocaíochta uathoibríocha a mhargú ar mhargadh na Laitvia, go gcuireann sí ualach dúbailte ar mhonaróir na ngléasanna sin, ós rud é nach mór dóibh rialacha na tíre monaraíochta agus rialacha na tíre margaíochta araon a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, d'fhéadfadh oibleagáid den sórt sin allmhairiú na ngléasanna sin a dhéanamh níos deacra agus níos costasaí, agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh sí oibreoirí leasmhara a dhíspreagadh óna margú sa Laitvia.

24 Sna himthosca sin, chinn an administratīvā rajona tiesa, Rīgas tiesu nams (an Chúirt Riaracháin Dúiche, Ríge) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gcaithfear Airteagal 1(11) de Threoir 98/34 a léiriú sa chaoi go bhféadfar riail dlí lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse cothabhála an cód foinseach do phacáiste bogearraí cláraithe a sholáthar do chomhlacht um measúnú comhréireachta a áireamh faoin gcoincheap “rialacháin theicniúla”, nach mór fógra a thabhairt don Choimisiún faoi dhréachtaí na rialachán sin i gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Treoir thuasluaite?

(2) An gcaithfear Airteagal 34 CFAE a léiriú sa chaoi go bhféadfar an ceanglas maidir leis an gcód foinseach do phacáiste bogearraí cláraithe a sholáthar do chomhlacht um measúnú comhréireachta a mheas mar bheart a bhfuil éifeacht aige atá comhionann le srian cainníochtúil ar allmhairí?

(3) Más freagra dearfach a gheofar ar an gceist roimhe seo, an féidir an beart sin a mheas mar mhodh comhréireach chun éifeachtacht na maoirseachta fioscaí a áirithiú?’

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

25 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó Airteagail 10 agus 11 de Threoir 2015/1535, gur aisghaireadh Treoir 98/34 le héifeacht ón 7 Deireadh Fómhair 2015, dáta theacht i bhfeidhm Threoir 2015/1535. Is léir ón ordú tarchuir go bhfuair Europark cuid de na gléasanna íocaíochta uathoibríocha atá i gceist an 30 Meitheamh 2015, cé go bhfuarthas na cinn eile tar éis an 7 Deireadh Fómhair 2015. Cláraíodh na hocht ngléas atá i gceist i mbunachar sonraí an údaráis cánach náisiúnta agus eisiadh iad ansin ón mbunachar sonraí sin tar éis an dáta sin. Dá bhrí sin, tá forálacha Threoir 98/34 agus forálacha Threoir 2015/1535 araon infheidhme *ratione temporis* maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí.

26 Mar sin féin, ós rud é go ndéantar forálacha na dtreoracha sin atá ábhartha don chás atá i gceist sna príomhimeachtaí a dhréachtú i dtéarmaí inchomparáide, is iomchuí muid féin a theorannú d’fhorálacha Threoir 2015/1535.

27 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur iarr an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, lena céad cheist, Airteagal 1(11) de Threoir 98/34 a léiriú i bhfianaise Airteagal 8(1) den Treoir sin, faoina bhfuil nach mór do na Ballstáit aon ‘dréacht-rialachán teicniúil’ a chur in iúl láithreach don Choimisiún de réir bhrí Airteagal 1(11) den Treoir sin. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, mar a thug an chúirt sin faoi deara freisin san ordú tarchuir, de réir cásdlí socair, go gciallaíonn mainneachtain Bhallstáit a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le dréacht den sórt sin a chur in iúl roimh ré nach féidir brath ar an ‘rialachán teicniúil’ lena mbaineann i gcoinne daoine aonair (breithiúnas an 3 Nollaig 2020, *Star Taxi App*, C-62/19, EU:C:2020:980, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, lena céad cheist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil Airteagal 1(1)(f) de Threoir 2015/1535 le léiriú sa chaoi gurb ionann reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse atá freagrach as gléasanna íocaíochta uathoibríocha a chothabháil a chód foinse bogearraí cláraithe a chur ar fáil don chomhlacht rialaithe

comhréireachta do na gléasanna sin, agus ‘rialachán teicniúil’, de réir bhrí na forála sin, nach féidir brath air i gcoinne daoine aonair ach amháin más rud é go ndearnadh an dréachtreachtaíocht chomhfhreagrach a chur in iúl roimh ré don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 5(1) de Threoir 2015/1535.

29 Ba cheart a mheabhrú go ndéantar idirdhealú in Airteagal 1(1)(f) de Threoir 2015/1535 idir ceithre chatagóir beart a fhéadfar a mheas mar ‘rialacháin theicniúla’ de réir bhrí na Treorach sin, eadhon, ar an gcéad dul síos, an ‘sonraíocht theicniúil’, ar an dara dul síos, an ‘ceanglas eile’, ar an tríú dul síos, an ‘riail maidir le seirbhísí’ agus, ar an gceathrú dul síos, ‘dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát lena dtoirmisctear táirge a mhonarú, a allmhairiú, a mhargú nó a úsáid’. Sainmhínítear na chéad trí chatagóir beart i bpointí (c) go (e) d’Airteagal 1(1) faoi seach.

30 Chun an cheist a tharchuirtear a fhreagairt, is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh an dtagann an oibleagáid cód foinseach na mbogearraí atá taifeadta i ngléasanna íocaíochta uathoibríocha a sholáthar do chomhlacht um measúnú comhréireachta, amhail an oibleagáid a leagtar síos sna rialacha maidir le húsáid, faoi cheann amháin de na ceithre chatagóir rialachán teicniúil sin.

31 Ní mór a lua, ar an gcéad dul síos, nach mbaineann ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur le seirbhísí na sochaí faisnéise, is é sin le rá seirbhísí a sholáthraítear go cianda, trí mheán leictreonach agus ar iarraidh aonair ó fhaighteoir, ach le táirgí sonracha agus lena n-úsáid, sa chás seo gléasanna íocaíochta uathoibríocha. Dá bhrí sin, ní gá scrúdú a dhéanamh an dtagann oibleagáid den sórt sin faoin gcatagóir ‘riail maidir le seirbhísí’ de réir bhrí Airteagal 1(1)(e) de Threoir 2015/1535.

32 Ar an dara dul síos, is gá a fhíorú an bhféadfadh an oibleagáid sin teacht faoin gcatagóir ‘dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát lena dtoirmisctear táirge a mhonarú, a allmhairiú, a mhargú nó a úsáid’ de réir bhrí Airteagal 1(1)(f) de Threoir 2015/1535.

33 Sa chás seo, cé go bhfágann mainneachtain cód foinseach bhogearraí cláraithe na ngléasanna íocaíochta uathoibríocha a chur in iúl don chomhlacht rialaithe comhréireachta nach féidir na gléasanna sin a úsáid chun idirbhearta agus íocaíochtaí a thaifeadadh, ní chuireann na rialacha maidir le húsáid atá i gceist sna príomhimeachtaí toirmeasc, áfach, ar mhonarú, allmhairiú, margú ná úsáid na ngléasanna sin.

34 Dá bhrí sin, ní féidir leis an oibleagáid cód foinseach na mbogearraí cláraithe a sholáthar a leagtar síos leis na rialacha maidir le húsáid atá i gceist sna príomhimeachtaí teacht faoin gcatagóir ‘dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát lena dtoirmisctear táirge a mhonarú, a allmhairiú, a mhargú nó a úsáid’ de réir bhrí Airteagal 1(1)(f) de Threoir 2015/1535.

35 Ar an tríú dul síos, maidir leis an gceist an dtagann an oibleagáid sin faoin gcoincheap ‘sonraíocht theicniúil’ de réir bhrí Airteagal 1(1)(c) de Threoir 2015/1535, ba cheart a mheabhrú go dtagraíonn an coincheap sin do shonraíochtaí atá i ndoiciméad lena sainítear na saintréithe is gá do tháirge, amhail leibhéil cháilíochta nó feidhmithe, sábháilteacht agus toisí, lena n-áirítear na ceanglais is infheidhme maidir leis an táirge a mhéid a bhaineann, *inter alia*, le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

36 I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, leis an gcoincheap ‘sonraíocht theicniúil’, glactar leis gur gá go dtagraíonn an beart náisiúnta don táirge nó dá phacáistíocht ann féin agus, dá bhrí sin, go socraítear leis ceann de na saintréithe is gá do tháirge (breithiúnas an 24 Samhain 2022, *Belplant*, C-658/21, EU:C:2022:925, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Chinn an Chúirt freisin nach mór reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear margú táirge faoi réir údarú roimh ré a aicmiú mar 'rialachán teicniúil' de réir bhrí Airteagal 1(1)(f) de Threoir 2015/1535. (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Eanáir 2002, *Canal Satélite Digital*, C-390/99, EU:C:2002:34, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Sa chás sna príomhimeachtaí, leis an oibleagáid a fhorchuirtear ar an soláthraí seirbhíse cothabhála le hAirteagal 121^4(4) de na rialacha maidir le húsáid, eadhon an doiciméadacht theicniúil maidir leis na táirgí lena mbaineann a chur ar fáil don chomhlacht atá freagrach as comhréireacht na dtáirgí sin a sheiceáil, nach mór cód foinseach agus cód aidhme na mbogearraí atá cláraithe a bheith san áireamh iontu, déantar tagairt do na táirgí ann féin. Go háirithe, sonraítear sa reachtaíocht náisiúnta go gcuirtear i láthair sa chód foinseach treoracha ríomhaireachta atá inléite ag an duine arna scríobh ag ríomhchláraitheoir agus go gcuirtear i láthair sa chód aidhme an tacar siombailí is féidir le ríomhaire a thuiscint chun clár a dhéanamh. Ina theannta sin, luaitear sa reachtaíocht sin nach mór an doiciméadacht sin a sholáthar i dteanga náisiúnta an mhonaróra, in éineacht le haistriúchán fíordheimhnithe sa teanga náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraíonn an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí don táirge ann féin agus go gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse cothabhála doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil ina bhfuil, *inter alia*, cód foinseach agus cód aidhme na mbogearraí atá cláraithe, ar cheart a mheas gur saintréithe riachtanacha agus sonracha iad do gach meaisín díolacháin toisc nach féidir iad a fhorchur ar tháirgí nach bhfuil cód foinseach agus cód aidhme na mbogearraí cláraithe acu.

39 Ina theannta sin, is ceanglas í an oibleagáid cód foinseach agus cód aidhme na mbogearraí taifeadta a chur in iúl a bhfuil feidhm aige maidir le gléasanna íocaíochta uathoibríocha mar chuid den nós imeachta chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíontacht le ceanglais chánach. I ndáil leis sin, ní mór don chomhlacht rialaithe comhréireachta na cóid sin a fhíorú le linn na seiceála comhréireachta. Gan chumarsáid, ní féidir le gléasanna íocaíochta uathoibríocha an dearbhú comhréireachta is gá a fháil chun iad a chlárú i mbunachar sonraí aonair an údaráis cánach náisiúnta, rud a chuireann cosc, i bprionsabal, ar iad a chur ar an margadh sa Laitvia. Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara go leagtar síos rialacha agus ceanglais i ndáil leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta leis na rialacha maidir le húsáid nár tugadh fógra ina leith don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(1) de Threoir 2015/1535.

40 Dá bhrí sin, tagann reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse atá freagrach as gléasanna íocaíochta uathoibríocha a chothabháil an doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil don chomhlacht um measúnú comhréireachta do na gléasanna sin ina bhfuil, *inter alia*, cód foinse na mbogearraí cláraithe, faoin gcoincheap 'sonraíocht theicniúil', de réir bhrí Airteagal 1(1)(c) de Threoir 2015/1535, agus, dá bhrí sin, is 'rialachán teicniúil' í de réir bhrí Airteagal 1(1)(f) den Treoir sin.

41 Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, is gá a mheas an féidir an oibleagáid cód foinseach na mbogearraí cláraithe a sholáthar a aicmiú mar 'rialachán teicniúil' ar an bhforas go dtagann sí faoin gcatagóir 'ceanglais eile' de réir bhrí Airteagal 1(1)(d) de Threoir 2015/1535. De bhun na forála sin, cumhdaítear leis an gcoincheap sin gach ceanglas, seachas sonraíocht theicniúil, a fhorchuirtear maidir le táirge ar chúiseanna maidir, *inter alia*, le tomhaltóirí agus an comhshaol a chosaint agus a bhaineann lena shaolré i ndiaidh a churtha ar an margadh, ar nós a coinníollacha úsáide, athchúrsála, athúsáide nó diúscartha i gcás inar féidir tionchar mór a imirt trí na dálaí sin ar chomhdhéanamh nó cineál táirge nó ar a mhargú.

42 Ní mór a mheas, a mhéid a thagann an oibleagáid sin faoin gcoincheap ‘sonraíocht theicniúil’, mar a chuirtear in iúl i mír 40 den bhreithiúnas seo, nach féidir í a aicmiú mar ‘cheanglas eile’. I gcomhréir le sainmhíniú an choincheapa sin a leagtar amach sa mhír roimhe seo, ní chumhdaítear ‘sonraíochtaí teicniúla’ leis sin.

43 Mar sin féin, ar mhaithe le hiomláine, ba cheart a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt, chun na bearta náisiúnta lena mbaineann a cháiliú mar ‘cheanglais eile’, nach mór dóibh a bheith ina ‘gcoinníollacha’ a d’fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chomhdhéanamh, ar chineál nó ar mhargú an táirge lena mbaineann. (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Márta 2023, *Vapo Atlantic*, C-604/21, EU:C:2023:175, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir le reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse atá freagrach as gléasanna íocaíochta uathoibríocha a chothabháil cód foinseach agus cód aidhme a mbogearraí cláraithe a sholáthar do chomhlacht um measúnú comhréireachta na ngléasanna sin chun dearbhú comhréireachta a fháil atá riachtanach chun na gléasanna sin a chlárú i mbunachar sonraí aonair an údaráis cánach, go bhféadfaí difear a dhéanamh do mhargú na ngléasanna sin. D’fhéadfadh mainneachtain an oibleagáid sin a chomhlíonadh tionchar suntasach a imirt ar mhargú gléasanna íocaíochta uathoibríocha, ós rud é nach bhfuil aon dreasacht ag oibreoirí eacnamaíocha iad a fháil agus nach féidir na gléasanna sin a úsáid, i ndáiríre, i gcomhréir leis an gcríoch atá beartaithe dóibh. Thairis sin, ní mór a mheabhrú, mar is léir ón ordú tarchuir, nach bhfuil sé i gceist leis an oibleagáid cód foinseach agus cód aidhme na mbogearraí atá cláraithe sna príomhimeachtaí a sholáthar tomhaltóirí nó an comhshaol a chosaint, ach go gceadaíonn sí don Stát comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe a áirithiú agus rialú ar íoc cánacha a áirithiú.

45 Dá bhrí sin, ní féidir reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, a mheas mar ‘cheanglas eile’ de réir bhrí Airteagal 1(1)(d) de Threoir 2015/1535.

46 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 1(1)(f) de Threoir 2015/1535 le léiriú sa chaoi gurb ionann reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse atá freagrach as gléasanna íocaíochta uathoibríocha a chothabháil cód foinse a mbogearraí cláraithe a chur ar fáil don chomhlacht um measúnú comhréireachta do na gléasanna sin, agus ‘rialachán teicniúil’, de réir bhrí na forála sin, nach féidir brath air i gcoinne daoine aonair ach amháin más rud é go ndearnadh an dréachtreachtaíocht chomhfhreagrach a chur in iúl roimh ré don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 5(1) den Treoir sin.

An dara agus an tríú ceist

47 I bhfianaise an fhreagra ar an gcéad cheist, níl gá freagra a thabhairt ar an dara agus an tríú ceist.

Costais

48 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 1(1)(f) de Threoir 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is ionann reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse atá freagrach as gléasanna íocaíochta uathoibríocha a chothabháil cód foinse a mbogearraí cláraithe a chur ar fáil don chomhlacht um measúnú comhréireachta do na gléasanna sin, agus 'rialachán teicniúil', de réir bhrí na forála sin, nach féidir brath air i gcoinne daoine aonair ach amháin más rud é go ndearnadh an dréachtreachtaíocht chomhfhreagrach a chur in iúl roimh ré don Choimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(1) den Treoir sin.

Sínithe